C/2025/4404

5.8.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4404)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Graves de Vayres'

PDO-FR-A0927-AM03 — 2.7.2025

1. **Ainm an táirge**

'Graves de Vayres'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Foraoiseachta, Ard-Stiúrthóireacht um Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar, an Oifig um Fhíonta agus Deochanna Eile

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge de réir an tsainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar ATFC 'Graves de Vayres' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad, is é sin:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Limistéar geografach*

Tugadh an limistéar geografach cothrom le dáta ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil INSEE 2024.

Cuireadh isteach tagairt don Chód Geografach Oifigiúil, lena n-aithnítear agus lena liostaítear na bardais de réir roinne ar an leibhéal náisiúnta, i Roinn IV 'Limistéar geografach agus limistéar díreach in aice láimhe' de Chaibidil I den tsonraíocht. Leis an leasú eagarthóireachta sin, is féidir an limistéar geografach a shainaithint le tagairt don leagan atá ann cheana den Chód Geografach Oifigiúil, a eisíonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Níor athraíodh an limistéar geografach.

Déanann an leasú sin difear don roinn dar teideal 'Limistéar geografach críochaithe' den doiciméad aonair.

2. *Limistéar díreach in aice láimhe*

Tugadh an limistéar díreach in aice láimhe cothrom le dáta ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil INSEE 2024.

Cuireadh isteach tagairt don Chód Geografach Oifigiúil, lena n-aithnítear agus lena liostaítear na bardais de réir roinne ar an leibhéal náisiúnta, i Roinn IV 'Limistéar geografach agus limistéar díreach in aice láimhe' de Chaibidil I den tsonraíocht. Leis an leasú eagarthóireachta sin, is féidir an limistéar geografach a shainaithint le tagairt don leagan atá ann faoi láthair den Chód Geografach Oifigiúil, a eisíonn INSEE, agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar díreach in aice láimhe.

Níl aon athrú tagtha ar an limistéar díreach in aice láimhe.

Déanann an leasú sin difear don roinn dar teideal 'Coinníollacha breise – Limistéar díreach in aice láimhe' den doiciméad aonair.

3. *Modh treoraithe*

Cuireadh an ceannteideal 'Modh treoraithe' isteach.

Cuireadh ceanglas isteach maidir le fíniúnacha marbha a bhaint de na dáileachtaí talún.

Cuireadh cleachtais saothraithe atá nasctha le bearta agra-chomhshaoil isteach.

Tá na leasuithe sin ceaptha chun aird níos fearr a thabhairt ar an gcomhshaol, ar an tírdhreach agus ar na héilimh shochaíocha ar níos lú úsáide a bhaint as táirgí cosanta plandaí. Fágann siad gur féidir leas iomlán a bhaint as na cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol arna gcur i bhfeidhm ag oibreoirí.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

4. *Dáta na cúrsaíochta idir trádstórais údaraithe*

Baineadh an riail sin den tsonraíocht chun gur féidir le fíonta a bheith i gcúrsaíocht idir na hoibreoirí uile agus chun aon riosca iomaíochta éagóraí a bhaint.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

5. *Bearta idirthréimhseacha*

Cuireadh síneadh 10 mbliana (go dtí 2035) leis an mbeart idirthréimhseach maidir le dáileachtaí fíonghoirt ag a bhfuil dlús plandaithe idir 3 300 agus 4 000 planda in aghaidh an heicteáir agus tá laghdú táirgeachta 27 % ag gabháil leis i gcomparáid leis an táirgeacht shocraithe le haghaidh buainte ar leith. Socraíodh meánualach uasta na mbarr in aghaidh na dáileachta talún le haghaidh na ndáileachtaí talún sin freisin.

Leis an leasú sin, beifear in ann fíniúnacha atá ag a mbuaicphointe ó thaobh cáilíochta de a choimeád i mbun táirgthe.

Baineadh an beart idirthréimhseach maidir le dáileachtaí fíonghoirt ag a bhfuil dlús plandaithe faoi bhun 4 000 planda in aghaidh an heicteáir.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

6. *Tagairtí*

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (Institut national de la qualité et de l'origine, INAO) cothrom le dáta.

Leasaíodh na socruithe maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar an tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

7. *Nasc*

Rinneadh leasuithe eagarthóireachta ionas go mbeidh sé níos éasca an nasc a thuiscint.

Déanann na leasuithe sin difear don roinn dar teideal 'Nasc leis an limistéar geografach' den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Graves de Vayres

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte ag na fíonta. I ndiaidh an tsaibhrithe, ní ceadmhach neart alcóil iarbhír de réir toirte na bhfíonta dearga a bheith níos mó ná 13,5 %. Bíonn cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0,3 gram in aghaidh an lítir ag gach baisc fíona dheirg a dhíoltar (ar an mórchóir nó pacáistithe). Bíonn méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) nach mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir sna fíonta dearga. Déantar na fíonta dearga as cumasc de Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N, Merlot N agus Cot N. Is é Merlot N an cineál is mó sa chumasc, rud a thugann carachtar maothlach, mín do na fíonta, a mbíonn cumhracht torthaí dearga an-aramatach i gceist leo go minic. Táirgeann Cabernet Sauvignon N struchtúr tainneach láidir nach mbíonn géar riamh, agus cuireann Cabernet Franc N fíneáltacht ar fáil. Bíonn na fíonta dearga mín agus is féidir taitneamh a bhaint astu agus iad óg nuair a bhíonn saintréithe torthaíocha iontu. Mar sin féin, bíonn acmhainneacht aosaithe idir 5 agus 10 mbliana den scoth acu ag brath ar an gcion Cabernet Sauvignon N sa chumasc. Comhlíonann na luachanna anailíseacha eile, mar réamhshocrú, reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

2. *Fíon geal tirim*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn neart alcóil íosta 10,5 % de réir toirte ag na fíonta geala tirime. Bíonn méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) nach mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir sna fíonta geala tirime. Tar éis an tsaibhrithe, ní ceadmhach neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta geala tirime a bheith níos mó ná 13 %. Déantar na fíonta geala tirime as na cineálacha Sémillon B agus Sauvignon B den chuid is mó. Baineann beogacht áirithe leo a thagann ón Sauvignon B. Is ón Sémillon B a thagann saibhreas, agus tagann na dea-bholaithe torthaíocha chun cinn mar thoradh ar an gcumasc leis an gcineál Muscadelle B. Comhlíonann na luachanna anailíseacha eile, mar réamhshocrú, reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

3. *Fíonta geala eile*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn neart alcóil íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta geala sin. Bíonn méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) níos mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir iontu. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta a bheith níos mó ná 15 %. Déantar na fíonta geala, ina bhfuil siúcraí coiptheacha, as an gcineál Sémillon B den chuid is mó a bhuantar go minic nuair a bhíonn sé ró-aibí agus uaireanta cumasctar é le Merlot B, seanchineál áitiúil. Bíonn na fíonta meánmhilis agus bog. Comhlíonann na luachanna anailíseacha eile, mar réamhshocrú, reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Dlús plandaithe

An modh saothraithe

Is é 4 500 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Níor cheart an spásáil idir na sraitheanna fíniúna a bheith níos mó ná 2,5 méadar, agus ní mór an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 0,85 méadar ar a laghad.

2. Rialacha maidir le prúnáil

An modh saothraithe

Tá an phrúnáil sainordaitheach. Déantar í ag céim na nduilleog neamhfhillte (céim 9 Lorenz) ar a dhéanaí.

Déantar na fíniúnach a phrúnáil go 14 bhachlóg in aghaidh an phlanda ar a mhéad, trí úsáid a bhaint as na teicnící seo a leanas:

— prúnáil Guyot dhúbailte, shingil agus mheasctha;

— prúnáil spoir i dtródam íseal nó de réir stíl fean.

3. Saibhriú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ceadaítear teicnící laghdúcháin saibhrithe i gcás fíonta dearga suas le ráta tiúchana 15 %.

I ndiaidh an tsaibhrithe, ní ceadmhach neart alcóil iarbhír de réir toirte na bhfíonta dearga a bheith níos mó ná 13,5 %.

Tar éis an tsaibhrithe, ní ceadmhach neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta geala tirime a bheith níos mó ná 13 %.

Tar éis an tsaibhrithe, ní ceadmhach neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta geala eile a bheith níos mó ná 15 %.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíon dearg

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíon geal tirim

72 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Fíonta geala eile

55 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain, an fhíonóireacht agus na fíonta a tháirgeadh agus a aosú ar chríoch na mbardas seo a leanas de chuid roinn Gironde, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2024: Arveyres agus Vayres.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Carménère N

Cot N — Malbec

Merlot N

Merlot Blanc B

Muscadelle B

Petit Verdot N

Sauvignon B — Sauvignon blanc

Sauvignon Gris G — Fié gris

Semillon B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Cruthaíonn an abhainn lúbach Dordogne, óna dtagann fionnuaire an tsamhraidh agus ceo san fhómhar, méasaeráid sa limistéar geografach a chuidíonn go mór le haibiú na bhfíonchaor dubh agus le ró-aibiú na bhfíonchaor geal. Mar gheall ar an méasaeráid sin tagann dea-bholaithe torthaí dearga chun cinn sna fíonta dearga agus tagann beogacht shaintréithiúil chun cinn sna fíonta geala a chothaíonn struchtúr aramatach torthaíoch.

Bhí dáileachtaí talún críochaithe ag an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint sin le fada, a ndéantar tagairt ina ainm do phríomh-shaintréith na n-ithreacha fíonsaothrúcháin, bunaithe ar na critéir oibiachtúla seo a leanas: 'meastar gur dáileacht talún ghairbhéalach aon dáileacht talún ina bhfuil gairbhéal taobh istigh de 50 cm faoi bhun an dromchla'. Dá bhrí sin, níl laistigh de limistéar na ndáileachtaí talún ach dáileachtaí talún atá suite ar léibhinn chré-ghairbhéil.

Mar gheall ar dhrochthorthúlacht na hithreach gairbhéalaí, tá gá le bainistiú roghnaitheach fíonghort. Déantar an dlús plandaithe a oiriúnú do shaintréithe na hithreach, trí rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis an spásáil uasta idir sraitheanna, agus teorainneacha a chur i bhfeidhm ar an ualach uasta barr in aghaidh na dáileachta talún agus ar an uaslíon triopall in aghaidh an phlanda.

Chuidigh tionchar Shasana nuair a phós Eleanor na hAcatáine Henry Plantagenet agus chuidigh deireadh an Chogaidh Céad Bliain le cáil na bhfíonta sin a bhunú ar an taobh eile de Mhuir nIocht. Mar gheall ar shuíomh Vayres ag crosbhóthar geografach bhí sé ina áit stoptha thábhachtach agus rialta ina dhiaidh sin ag ríthe na Fraince, a thug na fíonta chuig tíortha Leithinis na hIbéire.

Ó bhí lár an 19ú céad ann, luadh méid seo a leanas in eagráin *Bordeaux et ses vins* [Bordeaux agus a fíonta] le Cocks agus Féret: 'Gan a mhaíomh go raibh siad in iomaíocht le fíonta Médoc nó Saint-Emilion, tá fíonta dearga Graves de Vayres lán le fíneáltacht mar sin féin. Tá an-tóir ar a *premiers crus* [an chéad fhás] ar an margadh dá dtathag agus dá bhfíneáltacht, agus is féidir iad a aicmiú i measc na bhfíonta is fearr sa Libournais, díreach i ndiaidh *deuxièmes crus* [an dara fás] Pomerol. Tá an-mheas fós ag saineolaithe ó thuaisceart na Fraince ar a chuid fíonta geala agus tá áit mhór acu ar roinnt margaí eachtracha'.

Tá ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, a luaitear freisin i bpraghasliostaí Horeau Beylot et Cie (1890), Jacquet et Fils (1895) agus Legendre et Cie (1898), ceannaithe fíona in Libourne, agus i dtaifid fardail agus trádála iliomad tithe fíona Bordeaux, le feiceáil ar lipéid chlóite ó bhí 1904 ann agus tagraíodh dó ag seastán Monsieur Béchaud ag Aonach Fíona Bordeaux i mí na Samhna 1909.

Ó bhí na 1950í ann, tá seasamh láidir bunaithe ag na fíonta ar mhargaí eachtracha, go háirithe sa Ghearmáin.

Mar thoradh ar an idirghníomhú idir timpeallacht gheografach shaibhir bhunaidh agus pobal daonna a chuir a chuid fíonta os comhair an phobail go rathúil, leanann fíonta 'Graves de Vayres' de roinnt mhaith tomhaltóirí ar fud an domhain a mhealladh.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú chun na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt agus a aosú, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas i roinn Gironde, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024:

Beychac-et-Caillau, Cadarsac, Fronsac, Génissac, Izon, Libourne, Nérigean, Saint-Germain-du-Puch, Saint-Michel-de-Fronsac agus Saint-Sulpice-et-Cameyrac.

Aonad geografach níos leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an t-aonad geografach níos leithne 'Vin de Bordeaux' nó 'Grand Vin de Bordeaux' a shonrú ar lipéid na bhfíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu.

I dtaca leis an aonad geografach leathan sin, is éigean nach mbeadh na litreacha a úsáidtear ann níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid litreacha ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-90b207a5-859a-41a9-8097-d0147bb91aa5